Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

2025/0359(COD)

6.3.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir le IS)
(COM(2025)0836 – C10-0304/2025 – 2025/0359(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Emma Rafowicz

PA_Legam

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas in iúl don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ceanglaítear le cur chun feidhme éifeachtach Rialachán (AE) 2024/1689 nach laghdóidh na coigeartuithe a tugadh isteach chun a chur i bhfeidhm a éascú sa chleachtas soiléireacht agus inrochtaineacht an chreata rialála dóibh siúd is gá chun é a chur i bhfeidhm. Go háirithe, i gcás ina gcuirtear an Rialachán i bhfeidhm i réimsí an oideachais, an chultúir agus na meán, tá tuiscint shoiléir ar na hoibleagáidí agus ar na coimircí a bhaineann le húsáid córas IS fíor-riachtanach i gcónaí chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach é, agus aird ar leith á tabhairt ar shealbhóirí cirt ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Dá bhrí sin, leis na bearta a thugtar isteach chun tacú le comhlíonadh tráthúil agus comhréireach an Rialacháin seo, ba cheart leanúint de thacú le soiléireacht agus inrochtaineacht a cheanglas, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le húsáid eolasach córas IS agus le muinín as a n-imscaradh.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(3) Dá bhrí sin, tá gá le leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2024/1689 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin cur chun feidhme áirithe, d'fhonn na rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm go héifeachtach.	(3) Dá bhrí sin, tá gá le leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2024/1689 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin cur chun feidhme áirithe, d'fhonn na rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm go héifeachtach. ***Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as córais IS san oideachas agus in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, d'fhéadfadh a gcur in úsáid breithnithe sonracha a ardú a bhaineann le próisis foghlama, léiriú cultúrtha agus iolrachas na meán. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart, dá bhrí sin, aird ar leith a thabhairt ar na hearnálacha sin chun tacú le húsáid eolasach na IS agus chun muinín a choinneáil ina cur in úsáid. I réimse an oideachais, ceanglaítear leis sin go sonrach coimircí chun a áirithiú go gcaomhnófar neamhspleáchas oideolaíoch le húsáid córas IS, go ráthófar ardchaighdeáin príobháideachais sonraí d'fhoghlaimeoirí, agus go gcoiscfear spleáchas ar éiceachórais dhílsithe (gaibhniú díoltóirí).***

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Faoi láthair, le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1689, forchuirtear oibleagáid ar sholáthraithe agus ar imlonnóirí uile na gcóras IS chun litearthacht IS a bhfoirne a áirithiú. An fhorbairt litearthachta IS, ag tosú leis an oideachas agus an oiliúint agus ag leanúint ar aghaidh ar bhealach foghlama ar feadh an tsaoil, tá sí ríthábhachtach chun an t-eolas is gá a thabhairt do sholáthraithe, d'imlonnóirí agus do dhaoine eile a ndéantar difear dóibh chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le cur in úsáid córas IS. Mar sin	***scriosta***

féin, léirítear leis an taithí a roinn na páirtithe leasmhara nach bhfuil réiteach 'a oireann do chách' oiriúnach do gach cineál soláthraí agus imlonnóra maidir le litearthacht intleachta saorga a chur chun cinn, rud a fhágann go bhfuil an oibleagáid chothrománach sin neamhéifeachtach i ndáil le baint amach an chuspóra a shaothraítear leis an bhforáil sin. Thairis sin, léirítear le sonraí go gcruthaítear ualach breise comhlíontachta leis an bhforchur oibleagáide sin, go háirithe d'fhiontair bheaga, cé gur cheart an litearthacht intleachta saorga a bheith ina tosaíocht straitéiseach, gan beann ar oibleagáidí rialála agus smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun a cheangal ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, gan dochar dá n-inniúlachtaí féin, soláthraithe agus imlonnóirí a spreagadh, ina n-aonar, i dteannta a chéile agus i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, chun leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga a sholáthar dá bhfoireann agus do dhaoine eile a bhíonn ag déileáil le hoibriú agus úsáid córas intleachta saorga thar a gceann, lena n-áirítear trí dheiseanna oiliúna a thairiscint, trí acmhainní faisnéise a sholáthar, agus trí mhalartú dea-chleachtas a cheadú agus trí thionscnamh eile nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí. Áiritheoidh an Bord Eorpach um an Intleacht Shaorga ('an Bord') go mbeidh malartú ann go tráthrialta idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir leis an ábhar, agus leis an gComhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, beifear in ann plé a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne. Tá an leasú seo gan dochar do na bearta níos leithne a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit chun litearthacht agus inniúlachtaí intleachta saorga a chur chun cinn don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear foghlaimeoirí, mic léinn agus

saoránaigh ag aoiseanna éagsúla agus go háirithe trí chórais oideachais agus oiliúna.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Tá ról tábhachtach ag cur chun cinn na litearthachta IS chun tacú le tuiscint na saoránach ar IS agus ar a tionchar ar an tsochaí, lena n-áirítear feasacht ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le IS, go háirithe an cumas claontacht algartamach, idirdhealú, agus méadú na bréagaisnéise a shainaithint agus a chomhrac, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú lena rialachas daonlathach agus lena maoirseacht phoiblí. Go praiticiúil, cothaítear an tuiscint sin trí chláir oideachais, oiliúna, scilithe agus athscilithe, agus trí chultúr, litearthacht sna meáin agus tionscnaimh feasachta poiblí. Comhlánaíonn na tionscnaimh níos leithne sin na bearta eagraíochtúla litearthachta IS a dhéanann soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas IS dá bhfoireann agus do dhaoine eile atá ag gníomhú thar a gceann. Ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a spreagadh, i gcomhthéacs litearthacht IS a chur chun cinn, chun ról a thabhairt do sholáthraithe oideachais, d'institiúidí cultúrtha, d'eagraíochtaí meán agus do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, chun a áirithiú go mbeidh tionscnaimh litearthachta IS inrochtana, cuimsitheach agus oiriúnaithe do lucht féachana agus aoisghrúpaí éagsúla.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5b) Tá tábhacht ar leith ag baint le litearthacht IS, mar aon le litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach, do leanaí agus do dhaoine óga, ar minic a bhíonn siad neamhchosanta ar chórais IS ó aois óg gan feasacht leordhóthanach acu ar chlaontacht, míchruinnis ná aschuir mhíthreoracha, agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na córais sin ar mhuinín as faisnéis, príobháideachas, agus ar thuairimí agus iompraíocht a mhúnlú. Ba cheart go dtacódh bearta chun na litríochtaí sin a chur chun cinn le smaointeoireacht chriticiúil, neamhspleáchas digiteach, agus cinnteoireacht eolasach, agus ba cheart iad a chur in oiriúint d'aoiseanna agus do chomhthéacsanna foghlama éagsúla.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5c) Tá méadú ag teacht ar láithreacht na hintleachta saorga sna timpeallachtaí digiteacha a úsáideann leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear san oideachas, sna meáin shóisialta, sa chluichíocht ar líne, agus in ardáin chultúrtha agus chruthaitheacha. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1689 a chur i bhfeidhm ar bhealach a léiríonn an chaoi a n-idirghníomhaíonn leanaí agus daoine óga le córais IS agus an gá sonrach atá acu le cosaint agus le faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise de.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Córais IS a athraíonn, a chúblálann nó a tháirgeann íomhánna nó físeáin go saorga ina léirítear daoine nádúrtha ag gabháil do ghníomhaíochtaí gáirsiúla gnéis, a thaispeánann na baill dhlúthphearsanta dá gcolainn nó a lena mbaintear na héadaí de dhuine gan toiliú, déanann siad díobháil d'íospartaigh agus sáraíonn siad cearta bunúsacha chun dínite agus chun príobháideachais. Léirítear le forbairtí a rinneadh le déanaí go bhfuil cleachtais IS áirithe ar neamhréir le creat an Aontais um chearta bunúsacha. Is sáruithe soiléire ar chearta bunúsacha agus ar dhlí an Aontais iad íomhánna de mhná a bhréag-lomnochtadh, íomhánna dlúthphearsanta a ionramháil gan toiliú agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a ghiniúint. Mar sin féin, tá éiginnteacht dhlíthiúil shuntasach fós ann i dtaobh an dtagann feidhmchláir bhréag-lomnochta atá cumhachtaithe ag IS faoi raon feidhme na gcleachtas IS a thoirmisctear le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/1689. Le hAirteagal 112 den Rialachán sin, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar liosta na gcleachtas toirmiscthe a leagtar síos in Airteagal 5 agus ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, agus torthaí an mheasúnaithe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Níor chomhlíon an Coimisiún an sprioc-am don tréimhse mheasúnaithe roimhe sin. Chuige sin, is cosúil gurb iomchuí a shonrú go n-áirítear ar chleachtais thoirmiscthe faoi Airteagal 5 córas IS a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid, ar córas é

	lenar féidir fuaim, íomhánna agus físeáin ghnéasaithe de dhaoine aonair a ghiniúint nó a ionramháil, agus ar an gcaoi sin comhroinnt neamhthoiliúil ábhair dhlúthphearsanta nó ábhair ionramháilte mar a shainítear i dTreoir (AE) 2024/1385 a éascú.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Chun comhlíonadh a chuíchóiriú agus chun na costais ghaolmhara a laghdú, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe córas intleachta saorga na córais intleachta saorga dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2024/1689 a chlárú i mbunachar sonraí an Aontais de bhun Airteagal 49(2) den Rialachán sin. Ós rud é nach meastar go bhfuil ardriosca ag baint leis na córais sin faoi choinníollacha áirithe i gcás nach bhfuil riosca mór díobhála ag baint leo do shláinte, do shábháilteacht ná do chearta bunúsacha daoine, bheadh sé ina ualach díréireach comhlíontachta ceanglais chlárúcháin a fhorchur. Mar sin féin, maidir le soláthraí a mheasann go dtagann córas intleachta saorga faoi Airteagal 6(3), tá oibleagáid fós ar an soláthraí sin doiciméadú a dhéanamh ar a mheasúnú sula gcuirfear an córas sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta an measúnú sin a iarraidh.	***scriosta***

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Trí dheiseanna a leathnú le haghaidh tástáil faoi fhíordhálaí domhanda, is féidir tacú leis an nuálaíocht, ach níor cheart grúpaí leochaileacha a bheith ina bpobail tástála réamhshocraithe mar thoradh air sin. I gcás ina mbaineann tástáil i bhfíordhálaí le córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid san oideachas agus sa ghairmoiliúint, nó i gcás ina ndéantar í i dtimpeallachtaí inar dócha go ndéanfar difear do mhionaoisigh, ba cheart coimircí a bhaineann go sonrach leis an suíomh sin a leagan amach sa phlean tástála i bhfíordhálaí domhanda, lena n-áirítear faisnéis shoiléir do dhaoine dá ndéantar difear agus rannpháirtíocht fhóinteach úsáideoirí gairmiúla amhail scoileanna agus eagraíochtaí leasa phoiblí eile atá freagrach as na timpeallachtaí sin.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun am leordhóthanach a thabhairt do sholáthraithe córas intleachta saorga giniúnaí atá faoi réir na n-oibleagáidí marcála a leagtar síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (AE) 2024/1689 a gcleachtais a oiriúnú laistigh de thréimhse réasúnta ama gan cur isteach ar an margadh, is iomchuí idirthréimhse 6 mhí a thabhairt isteach do sholáthraithe a chuir a gcórais ar an margadh cheana roimh an 2 Lúnasa 2026.	***scriosta***

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Chun am leordhóthanach a thabhairt do sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca agus chun na rialacha is infheidhme maidir leis na córais intleachta saorga a cuireadh ar an margadh nó i mbun seirbhíse cheana a shoiléiriú roimh theacht i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2024/1689, is iomchuí cur i bhfeidhm tréimhse chairde dá bhforáiltear in Airteagal 111(2) den Rialachán sin a shoiléiriú. Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse chairde, chun críoch Airteagal 111(2), maidir le cineál agus samhail córas intleachta saorga atá curtha ar an margadh cheana féin. Ciallaíonn sé sin, más rud é gur cuireadh aonad aonair amháin ar a laghad den chóras intleachta saorga ardriosca ar an margadh nó i mbun seirbhíse go dleathach roimh an dáta a shonraítear in Airteagal 111(2), go bhfuil aonaid aonair eile den chineál agus den tsamhail chéanna den chóras intleachta saorga ardriosca faoi réir na tréimhse cairde dá bhforáiltear in Airteagal 111(2) agus, dá bhrí sin, go bhféadfar leanúint dá gcur ar an margadh, dá gcur ar fáil nó dá gcur i mbun seirbhíse ar mhargadh an Aontais gan aon oibleagáid ná ceanglas breise nó gan aon ghá le deimhniú breise, fad nach dtiocfaidh aon athrú ar dhearadh an chórais intleachta saorga ardriosca sin. Chun an tréimhse chairde dá bhforáiltear in Airteagal 111(2) a chur i bhfeidhm, is é an toisc chinntitheach an dáta a cuireadh an chéad aonad den chineál sin córais intleachta saorga ardriosca agus den tsamhail sin de chóras intleachta saorga ardriosca ar an margadh nó i mbun seirbhíse ar mhargadh an Aontais den chéad uair. Le haon athrú mór ar dhearadh an chórais intleachta saorga sin tar éis an dáta a shonraítear in Airteagal 111(2), ba cheart oibleagáid an	***scriosta***

tsoláthraí a thionscnamh chun forálacha ábhartha uile an Rialacháin seo is infheidhme maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear na ceanglais um measúnú comhréireachta.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Le hAirteagal 113 de Rialachán (AE) 2024/1689 leagtar síos dátaí teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin sin, go háirithe gurb é an 2 Lúnasa 2026 an dáta ginearálta cur i bhfeidhm. Maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann le córais intleachta saorga ardriosca a leagtar síos i Ranna 1, 2 agus 3 de Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/1689, mar gheall ar infhaighteacht mhoillithe caighdeán, sonraíochtaí coiteanna agus treoraíochta malartaí agus bunú moillithe na n-údarás inniúil náisiúnta, tá dúshláin ann a chuireann teacht i bhfeidhm éifeachtach na n-oibleagáidí sin i mbaol agus tá an baol ann go dtiocfaidh méadú nach beag ar chostais cur chun feidhme ar bhealach nach dtugann údar lena ndáta tosaigh cur i bhfeidhm a choinneáil ar bun, is é sin an 2 Lúnasa 2026. I bhfianaise na taithí a fuarthas, is iomchuí sásra a chur ar bun lena nasctar an teacht i bhfeidhm le hinfhaighteacht beart chun tacú le comhlíonadh Chaibidil III, lena bhféadfaí caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí comhchoiteanna agus treoirlínte ón gCoimisiún a áireamh. Ba cheart don Choimisiún é sin a dheimhniú le cinneadh, agus ina dhiaidh sin ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí rialacha maidir le córais intleachta**	***scriosta***

saorga ardriosca tar éis 6 mhí a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III agus tar éis 12 mhí a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689. Mar sin féin, níor cheart síneadh a chur leis an tsolúbthacht sin ach go dtí an 2 Nollaig 2027 a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III agus go dtí an 2 Lúnasa 2028 a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ar dátaí iad faoinar cheart na rialacha sin a theacht i bhfeidhm in aon chás. An t-idirdhealú idir teacht i bhfeidhm na rialacha a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III agus Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, tá sé comhsheasmhach leis an difríocht idir na dátaí tosaigh cur i bhfeidhm atá beartaithe i Rialachán (AE) 2024/1689 agus is é is aidhm dó an t-am is gá a sholáthar chun na hoibleagáidí comhfhreagracha a oiriúnú agus a chur chun feidhme.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) I bhfianaise an chuspóra chun dúshláin cur chun feidhme a laghdú do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí, tá sé ríthábhachtach	(23) I bhfianaise an chuspóra chun dúshláin cur chun feidhme a laghdú do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí, tá sé ríthábhachtach

nach nglacfar coinníollacha comhchuibhithe maidir le rialacha áirithe a chur chun feidhme ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis. Chun na críche sin, is iomchuí deireadh a chur le cumhachtuithe áirithe a thugtar don Choimisiún chun na coinníollacha comhchuibhithe sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcásanna nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun deireadh a chur leis na cumhachtuithe a thugtar don Choimisiún in Airteagal 50(7), Airteagal 56(6), agus Airteagal 72(3) de chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Baineann buntáiste breise le deireadh a chur leis an gcumhachtú chun teimpléad comhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh plean faireacháin iarmhargaidh in Airteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2024/1689 go gcuirfidh sé níos mó solúbthachta ar fáil do sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca chun córas faireacháin iarmhargaidh atá saincheaptha dá n-eagraíocht a chur i bhfeidhm. An tráth céanna, agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le soiléireacht a thabhairt maidir leis an gcaoi a gceanglaítear ar sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca comhlíonadh a dhéanamh, ba cheart a cheangal ar an gCoimisiún treoraíocht a fhoilsiú.

nach nglacfar coinníollacha comhchuibhithe maidir le rialacha áirithe a chur chun feidhme ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis. Chun na críche sin, is iomchuí deireadh a chur le cumhachtuithe áirithe a thugtar don Choimisiún chun na coinníollacha comhchuibhithe sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcásanna nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun deireadh a chur leis na cumhachtuithe a thugtar don Choimisiún in Airteagal 50(7), Airteagal 56(6), agus Airteagal 72(3) de chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Baineann buntáiste breise le deireadh a chur leis an gcumhachtú chun teimpléad comhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh plean faireacháin iarmhargaidh in Airteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2024/1689 go gcuirfidh sé níos mó solúbthachta ar fáil do sholáthraithe córas IS ardriosca chun córas faireacháin iarmhargaidh atá saincheaptha dá n-eagraíocht a chur i bhfeidhm. An tráth céanna, agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le soiléireacht a thabhairt maidir leis an gcaoi a gceanglaítear ar sholáthraithe córas IS ardriosca comhlíonadh a dhéanamh, ba cheart a cheangal ar an gCoimisiún treoraíocht a fhoilsiú. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart treoir a thabhairt sna cóid chleachtais arna spreagadh ag an Oifig IS de bhun Airteagal 50(7), i gcás inarb ábhartha, maidir leis an gcaoi ar féidir faisnéis agus feasacht iomchuí úsáideoirí a áirithiú ar bhealach comhréireach, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil rioscaí níos ísle ag baint le córais IS, go háirithe san oideachas agus san oiliúint, sna meáin agus i seirbhísí faisnéise, i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, nó i soláthar seirbhísí poiblí.***

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:	***scriosta***
'Airteagal 4	
Litearthacht IS	
Spreagfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga bearta a dhéanamh chun leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga a áirithiú i measc a bhfoirne agus daoine eile a bhíonn ag déileáil le hoibriú agus úsáid córas intleachta saorga thar a gceann, agus a gcuid eolais theicniúil, a gcuid taithí, a leibhéal oideachais agus oiliúna agus an comhthéacs ina mbeidh na córais intleachta saorga le húsáid á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt ar na daoine nó na grúpaí díobh a n-úsáidfear na córais intleachta saorga orthu.';	

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 4a – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) chun claontachtaí algartamacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iolrachas na meán agus d'éagsúlacht na faisnéise a bhrath agus a mhaolú, agus chun na críche sin amháin, féadfaidh soláthraithe córas IS ardriosca a úsáidtear in éiceachóras na meán, in imthosca eisceachtúla atá teoranta go docht, catagóirí speisialta sonraí

pearsanta a phróiseáil, ar choinníoll:

(i) go bhfuil géarghá leis an bpróiseáil sin agus ní féidir í a bhaint amach go héifeachtach trí úsáid a bhaint as sonraí anaithnidithe, comhiomlánaithe nó sintéiseacha;

(ii) go bhfuil raon feidhme, fad agus rochtain na próiseála teoranta, agus nach mbeidh sainaithint, próifíliú ná catagóiriú úsáideoirí aonair mar thoradh uirthi;

(iii) nach dtagtar ar aon tátal maidir le tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó saintréithe cosanta eile daoine nádúrtha;

(iv) go gcuirfear bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí chun rúndacht, slándáil agus cuntasacht a áirithiú;

(v) go scriostar na sonraí pearsanta gan moill mhíchuí a luaithe a bhraitear agus a mhaolaítear an chlaontacht;

(vi) go gcuirfear úsáideoirí ar an eolas ar bhealach soiléir agus inrochtana go bhféadfar a sonraí pearsanta a phróiseáil, in imthosca eisceachtúla, chun claontachtaí algartamacha a bhrath agus a mhaolú, agus chun na críche sin amháin, agus go gcuirfear faisnéis ar fáil dóibh maidir leis an raon feidhme, na coimircí agus na cearta is infheidhme maidir leis an bpróiseáil sin.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 4a – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tá toirmeasc sainráite ar shonraí pearsanta leanaí a bhailiú, a phróiseáil nó a úsáid ar aon bhealach eile.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 5 – mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) In Airteagal 5(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:
	'(ha) córas IS a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid, ar córas é ar féidir leis íomhánna nó físeáin a athrú, a ionramháil nó a ghiniúint chun gníomhaíochtaí gáirsiúla nó codanna dlúthphearsanta duine nádúrtha a léiriú, nó a bhaineann an duine sin de, agus ar féidir leis comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó chúbláilte mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Threoir 2024/1385[1a] a éascú.
	[1a] Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj) .'

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) In Airteagal 6(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:	***scriosta***
'4. Soláthraí a mheasann nach córas ardriosca é an córas intleachta saorga dá	

dtagraítear in Iarscríbhinn III, déanfaidh sé a mheasúnú a dhoiciméadú sula gcuirfear an córas sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla náisiúnta, soláthróidh an soláthraí doiciméadacht an mheasúnaithe.';

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 49 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) in Airteagal 49, scriostar mír 2;	***scriosta***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 50 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Déanfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga tarraingt suas cód cleachtais a spreagadh agus a éascú ar leibhéal an Aontais chun éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na n-oibleagáidí maidir le brath, marcáil agus lipéadú inneachair a ghintear go saorga nó a ndearnadh cúbláil air. Féadfaidh an Coimisiún ***measúnú a dhéanamh i dtaobh an leor comhlíonadh na gcód cleachtais sin chun a áirithiú go gcomhlíontar an oibleagáid a leagtar síos i mír 2, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 56(6), an chéad fhomhír.*** Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an cód leormhaith, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar comhrialacha maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí sin i gcomhréir leis an nós	7. Déanfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga tarraingt suas cód cleachtais a spreagadh agus a éascú ar leibhéal an Aontais chun éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na n-oibleagáidí maidir le brath, marcáil agus lipéadú inneachair a ghintear go saorga nó a ndearnadh cúbláil air. Féadfaidh an Coimisiún ***gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh*** chun na cóid chleachtais sin a ***fhormheas*** i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal ***56(6)***. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an cód leormhaith, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar comhrialacha maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 98(2). ***Leis na cóid chleachtais***

imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 98(2).’;	***sin, tabharfar aghaidh, i gcás inarb ábhartha, ar an gcaoi ar féidir faisnéis agus feasacht iomchuí úsáideoirí a áirithiú ar bhealach comhréireach, lena n-áirítear i gcásanna ina meastar go mbaineann rioscaí níos ísle le córais IS, go háirithe nuair a úsáidtear iad san oideachas agus san oiliúint, i seirbhísí meán agus faisnéise, i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, nó i soláthar seirbhísí poiblí.***

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 56 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfaidh an Coimisiún agus an Bord faireachán agus measúnú thráthrialta ar na rannpháirtithe cuspóirí na gcód cleachtais a bhaint amach agus ar a rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún agus lánaird á tabhairt aige ar thuairim an Bhoird, measúnú i dtaobh an gcumhdaítear leis na cóid chleachtais na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 53 agus 55, agus déanfaidh siad faireachán agus measúnú thráthrialta ar bhaint amach a gcuspóirí. Foilseoidh ***an Coimisiún a*** mheasúnú ar leormhaitheas na gcód cleachtais.’;	6. Déanfaidh ***an Oifig um IS*** agus an Bord faireachán agus measúnú thráthrialta ar bhaint amach chuspóirí na gcód cleachtais ag na rannpháirtithe agus ar a rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo. Déanfaidh ***an Oifig um IS*** agus an Bord, agus lánaird á tabhairt aige ar thuairim an Bhoird, measúnú i dtaobh an gcumhdaítear leis na cóid chleachtais na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 53 agus 55, agus déanfaidh siad faireachán agus measúnú thráthrialta ar bhaint amach a gcuspóirí. Foilseoidh ***siad a*** measúnú ar leormhaitheas ana gcód cleachtais.

Réasúnú

Féachann an leasú seo lena áirithiú go bhfuil faireachán, measúnú agus nochtadh leormhaitheas na gcód cleachtais go hiomlán comhsheasmhach leis na socruithe rialachais a leagtar amach sa Rialachán seo. Trí na freagrachtaí sin a chur de chúram ar an Oifig um IS agus ar an mBord, cuirtear formhaoirseacht i lámha na gcomhlachtaí atá sainordaithe go sonrach le haghaidh maoirseacht theicniúil. Ina theannta sin, is gá an ról sin a thabhairt ar ais don Bhord chun cothromaíocht institiúideach iomchuí a choinneáil.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 70 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta treoraíocht agus comhairle a sholáthar maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe do fhiontair mheánchaipitlithe bheaga agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus treoraíocht agus comhairle an Bhoird agus an Choimisiúin á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí. Nuair atá sé beartaithe ag na húdaráis inniúla náisiúnta treoir agus comhairle a thabhairt maidir le córas intleachta saorga i réimsí a chumhdaítear le dlí eile de chuid an Aontais, rachfar i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta faoin dlí sin, de réir mar is iomchuí.	8. Féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta treoir agus comhairle a sholáthar maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe do FMBanna agus do FBManna, ***lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus, i gcás inarb ábhartha, d'úsáideoirí gairmiúla san earnáil phoiblí, lena n-áirítear údaráis phoiblí áitiúla agus institiúidí oideachais, oiliúna agus cultúrtha a chistítear go poiblí,*** agus treoir agus comhairle an Bhoird agus an Choimisiúin á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí. Aon uair a bheartaíonn údaráis inniúla náisiúnta treoir agus comhairle a sholáthar maidir le córas IS i réimsí a chumhdaítear le dlí eile de chuid an Aontais, ***lena n-áirítear cosaint sonraí, cosaint tomhaltóirí agus seirbhísí meán closamhairc,*** rachfar i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta faoin dlí sin de chuid an Aontais, de réir mar is iomchuí.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 72 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh an córas faireacháin iarmhargaidh bunaithe ar phlean faireacháin iarmhargaidh. Beidh an plean faireacháin iarmhargaidh mar chuid den doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV. Glacfaidh an Coimisiún treoraíocht maidir leis an bplean	3. Beidh an córas faireacháin iarmhargaidh bunaithe ar phlean faireacháin iarmhargaidh. Beidh an plean faireacháin iarmhargaidh mar chuid den doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV. Glacfaidh an Coimisiún treoir maidir leis an bplean faireacháin

faireacháin iarmhargaidh.

iarmhargaidh, ***lena n-áirítear samplaí praiticiúla le haghaidh córais IS ardriosca a úsáidtear san oideachas agus sa ghairmoiliúint agus i seirbhísí poiblí eile, agus maidir le táscairí faireacháin a d'fhéadfadh drochthionchair ar chearta bunúsacha a léiriú, lena n-áirítear torthaí idirdhealaitheacha.***

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 95 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Cuirfidh an Oifig um Intleacht Shaorga agus na Ballstáit leasanna agus riachtanais shonracha fiontar meánchaipitlithe beag agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus tarraingt suas cód iompair á spreagadh agus á héascú acu.	4. Cuirfidh an Oifig um Intleacht Shaorga agus na Ballstáit i gcuntas leasanna agus riachtanais shonracha FMBanna agus FBManna, ***lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le riachtanais oibríochtúla na n-údarás poiblí áitiúil agus na n-eagraíochtaí leasa phoiblí, lena n-áirítear institiúidí oideachais, oiliúna agus cultúrtha, i gcás ina meastar go n-úsáidfidh siad na cóid sin nó go mbainfidh siad tairbhe astu,*** agus tarraingt suas cód iompair á spreagadh agus á éascú acu.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 96 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus na treoirlínte sin á n-eisiúint ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé aird ar leith ar riachtanais fiontar meánchaipitlithe beag agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, riachtanais údarás poiblí áitiúil agus na n-earnálacha is dóchúla a	Agus na treoirlínte sin á n-eisiúint ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé aird ar leith ar riachtanais FMBanna agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, riachtanais údarás poiblí áitiúil agus na n-earnálacha is dóchúla a ndéanfaidh an

ndéanfaidh an Rialachán seo difear dóibh.’;	Rialachán seo difear dóibh***, lena n-áirítear oideachas agus gairmoiliúint, gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, agus seirbhísí meán agus faisnéise***.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 30 – pointe a
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 111 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 5 dá dtagraítear in Airteagal 113(3), mír 3, pointe (a), ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***hoibreoirí*** córas intleachta saorga ardriosca, seachas na córais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh i mbun seirbhíse roimh dháta chur i bhfeidhm Chaibidil III agus oibleagáidí comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 113, ach amháin más rud é, ón dáta sin ar aghaidh, go mbeidh na córais sin faoi réir athruithe móra ar a ndearaí. I gcás ar bith, déanfaidh soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga ardriosca atá beartaithe lena n-úsáid ag údaráis phoiblí na bearta is gá chun na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh faoin 2 Lúnasa 2030.	2. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 5 dá dtagraítear in Airteagal 113(3), mír 3, pointe (a), ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***himscarthóirí agus soláthróirí*** córas IS ardriosca, seachas na córais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh i mbun seirbhíse roimh dháta cur i bhfeidhm Chaibidil III agus oibleagáidí comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 113, ach amháin más rud é, ón dáta sin ar aghaidh, go mbeidh na córais sin faoi réir athruithe suntasacha ar a ndearaí. I gcás ar bith, déanfaidh soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga ardriosca atá beartaithe lena n-úsáid ag údaráis phoiblí na bearta is gá chun na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh faoin 2 Lúnasa 2030.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 30 – pointe b
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal Article111 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirtear mír 4 seo a leanas leis:	***scriosta***
'4. Soláthraithe córas intleachta saorga, lena n-áirítear córais intleachta saorga ilchuspóireacha, a ghineann ábhar sintéiseach fuaime, íomhá, físe nó téacs, a cuireadh ar an margadh roimh an 2 Lúnasa 2026, déanfaidh siad na bearta is gá chun Airteagal 50(2) a chomhlíonadh faoin 2 Feabhra 2027.	

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31
Rialachán (AE) 2024/1689
Airteagal 113

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Leasaítear Airteagal 113 mar a leanas:	***scriosta***
(a) sa tríú mír, cuirtear pointe (d) leis:	
'(d) Beidh feidhm ag Caibidil III, Ranna 1, 2 agus 3, tar éis cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndeimhnítear go bhfuil bearta leormhaithe ar fáil chun tacú le Caibidil III a chomhlíonadh, ó na dátaí seo a leanas:	
(i) 6 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh sin maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III, agus	
(ii) 12 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I.	
In éagmais ghlacadh an chinnidh de réir bhrí fhomhír 1, nó i gcás inar luaithe na dátaí thíos ná na dátaí i ndiaidh ghlacadh an chinnidh sin, beidh feidhm ag Caibidil III, Ranna 1, 2 agus 3:	

(i) an 2 Nollaig 2027 a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III, agus

(ii) an 2 Lúnasa 2028 a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I.'

(b) sa tríú mír, cuirtear pointe (e) isteach:

'(e) Beidh feidhm ag Airteagail 102 go 110 ón [dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].';

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) in Iarscríbhinn VIII, scriostar roinn B;	***scriosta***

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Leasú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 maidir le simpliú a dhéanamh ar chur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga)
Tagairtí	COM(2025)0836 – C10-0304/2025 – 2025/0359(COD)
Coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	IMCO LIBE 19.1.2026 19.1.2026
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	CULT 19.1.2026
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Emma Rafowicz 20.1.2026
Riail 59 – Nós imeachta comhchoiste Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	 19.1.2026
Pléite sa choiste	9.2.2026
Dáta an ghlactha	5.3.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 18 –: 0 0: 3

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

18	+
Feisirí Neamhcheangailte	Nikolaos Anadiotis
PPE	Maravillas Abadía Jover, Niels Geuking, Eleonora Meleti, Matej Tonin, Bogdan Andrzej Zdrojewski, Milan Zver
An Grúpa Renew	Laurence Farreng, Hristo Petrov, Brigitte van den Berg
S&D	Maria Guzenina, Nikos Papandreou, Emma Rafowicz, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek
An Chlé	Carolina Morace
Na Glasaigh/SCE	Diana Riba i Giner, Nela Riehl

0	-

3	0
ECR	Ivaylo Valchev
ENC	Irmhild Boßdorf
TdE	Catherine Griset

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh